

Ceacht 2



Fógraíocht a mhíniú agus a thuiscint

Cuspóir Foghlama

Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann a mhíniú agus a thuiscint cad is fógraíocht ann.

Toradh Foghlama

Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann cur síos a dhéanamh ar cad is fógraíocht ann agus roinnt fógraí atá feicthe acu a thabhairt chun cuimhne.

Nótaí na Mhúinteora

Is iad na daoine a dhéanann meáin na daoine a chinneann cén teachtaireacht is mian leo a chur in iúl (cad a theastaíonn uathu a rá). Féadfaidh cuideachtaí freisin na daoine a dhéanann na meáin a íoc chun a dteachtaireacht a chur in iúl faoi tháirge nó faoi bhranda áirithe. Tugtar fógraíocht ar theachtaireachtaí a chur in iúl sna meáin ar an gcaoi seo, agus ar an meán feiceann an gnáthdhuine tuairim is 1,500 fógra gach lá.

Acmhainní

- An físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*
- Gníomhaíocht 2.1
- Gníomhaíocht 2.2
- Áiritheoirí daite
- Siosúr
- Glíú
- *Cad iad na Meáin Chumarsáide?:* gníomhaíocht idirghníomhach

Modheolaíocht

- Caint agus plé – Achoimre
- Foghlaim ghníomhach – Cluiche na nÁiritheoirí
- Comharfhoghlaim – Gníomhaíocht Sórtála
- Scileanna trí mheán an ábhair – Cluiche na nÁiritheoirí; *Cad iad na Meáin Chumarsáide?:* gníomhaíocht idirghníomhach

Ceacht 2



Cur Chuige

Céim 1: Cad iad na Meáin Chumarsáide? Físeán

- Cuir i gcuimhne do na leanaí gur bhreathnaigh siad ar an bhfíseán roimhe sin.
- Fiafraigh de na leanaí an cuimhin leo cad ab ábhar don fhíseán?
- Fiafraigh de na leanaí an cuimhin leo aon mheáin a chonaic siad san fhíseán.
- Inis do na leanaí go mbeidh siad ag breathnú arís ar an bhfíseán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*
- Seinn an físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Nuair a shroichfidh an físeán “An féidir leat smaoineamh ar aon mheáin a chonaic tú an tseachtain seo?” cuir an físeán ar sos ionas go mbeidh na leanaí in ann freagra a thabhairt.

D'fhéadfadh go dtabharfadh na leanaí freagraí éagsúla ó na freagraí a thug siad cheana de réir mar a mhéadaíonn a bhfeasacht ar cad is meáin ann.

- Cuir an físeán ar sos ag gach sampla agus fiafraigh de na leanaí an bhfuil aon samplaí feicthe acu ó bhí an ceacht deireanach agaibh.
- Fiafraigh de na leanaí cibé acu an raibh teachtaireacht ag baint le haon cheann de na meáin sin faoi tháirge – bia, bréagáin, éadaí, cluichí?
- Míniú do na leanaí go dtugtar fógraíocht air nuair a bhíonn teachtaireachtaí sna meáin ag tathant orainn táirge nó branda áirithe a úsáid nó a cheannach – bia, bréagáin, éadaí, nó cluichí.
- Míniú do na leanaí go leanfaidh siad ag foghlaim inniu faoi na meáin agus faoi fhógraíocht.




Físeán

Céim 2: Cad é an teachtaireacht?

- Fiafraigh de na leanaí cén cineál teachtaireachta a mbeidís ag súil a fháil ó na foinsí seo a leanas:
 - Cara
 - An teilifís
 - An tIdirlíon
 - Iris
 - A dTuismitheoirí
 - Póstaer ar an tsráid.
- Míniú go bhfuil cineálacha éagsúla teachtaireachtaí ann.
- Is teachtaireachtaí pearsanta iad roinnt de na teachtaireachtaí cosúil leis na cinn a fhaighimid ónár gcairde agus ónár dteaghlach, agus is teachtaireachtaí oideachasúla cinn eile chun muid a mhúineadh, cosúil leis na cinn ón múinteoir.
- Tá roinnt teachtaireachtaí ag iarraidh muid a spreagadh chun rud éigin a dhéanamh, cosúil leis na teachtaireachtaí ar an teilifís, ar an raidió, ar an idirlíon, in iris nó ar phóstaer ar an tsráid.

Céim 3: Cad iad na Meáin Chumarsáide Gníomhaíocht Idirghníomhach

- Inis do na leanaí go bhfuil a lán bealaí éagsúla ann teachtaireachtaí a fháil agus go bhfuil téarma áirithe ann chun cur síos air sin – na meáin chumarsáide.
- Oscail an gníomhaíocht idirghníomhach *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* atá ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie
- Tabhair an deis do na leanaí obair ar an ngníomhaíocht seo, ag úsáid na ngnéithe idirghníomhacha, chun rogha a dhéanamh cibé an cuid de na meáin iad na híomhánna.
- Tabhair noda dóibh mar seo a leanas:
 - An dtugann sé seo teachtaireacht dúinn?
 - Cén teachtaireacht a fuaireamar uaidh seo?
 - An cuid de na meáin é seo?
 - An dtugann sé teachtaireacht dúinn faoi tháirge nó branda áirithe – bia, bréagáin, éadaí, cluichí?
 - An dtugtar fógraíocht air seo?
- Tabhair achoimre ar an gníomhaíocht idirghníomhach *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* agus ainmnigh na meáin agus na neamh-mheáin go léir.




Gníomhaíocht Idirghníomhach



Cur Chuige ar lean

Céim 4: Cluiche na nÁiritheoirí


- Ag leanúint ón ngníomhaíocht dheireanach, mínigh do leanaí go mbeidh cluiche á imirt acu leis na híomhánna go léir agus go gcaithfidh siad cinneadh a dhéanamh an meáin nó neamh-mheáin atá i gceist.
- Dáil Gníomhaíocht 2.1 orthu, agus iarr ar na leanaí breathnú ar na híomhánna go léir a chonaic siad i gCéim 3.
- Iarr ar na leanaí gach íomhá a ainmniú agus a roghnú cibé acu an fógraíocht atá i gceist leis na híomhánna nó nach ea.
- Dáil na háiritheoirí daite, iarr ar na leanaí áiritheoir de dhath amháin a úsáid chun gach íomhá ar fógraíocht í a chlúdach e.g. le háiritheoir dearg, agus na híomhánna go léir nach fógraíocht iad a chlúdach le háiritheoirí de dhath eile e.g. gorm.
- Tar éis do na leanaí an ghníomhaíocht a chríochnú, bain úsáid as an ghníomhaíocht idirghníomhach *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* atá ar fáil ar shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie, chun na freagraí a sheiceáil mar rang.



Gníomhaíocht 2.1

Céim 5: Gníomhaíocht Sórtála

- Mínigh do leanaí go bhfuil an deis acu anois na híomhánna go léir a shórtáil isteach sna catagóirí 'fógraíocht' agus 'neamhfhógraíocht'.
- Is féidir leis na leanaí úsáid a bhaint as Gníomhaíocht 2.1, agus beidh gá acu le Gníomhaíocht 2.2 freisin.
- Mínigh do na leanaí go bhfuil siad chun íomhánna a ghearradh amach ó Gníomhaíocht 2.1, agus iad go léir a shórtáil isteach sna catagóirí 'fógraíocht' agus 'neamhfhógraíocht'.
- Iarr ar na leanaí an méid atá foghlamtha acu ó Céim 3 agus 4 a thabhairt chun cuimhne chun cuidiú leo leis an ngníomhaíocht sórtála.
- Tar éis do na leanaí an ghníomhaíocht seo a chríochnú, bain úsáid as an ngníomhaíocht idirghníomhach *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* ó shuíomh gréasáin MediaWise, www.MediaWise.ie, chun a sheiceáil cibé ar sórtáladh na híomhánna isteach sa taobh ceart.



Gníomhaíocht 2.2

Céim 6: Achoimre ar na Meáin

- Cuir i gcuimhne do na leanaí go bhfuil a lán bealaí ann teachtaireachtaí a fháil agus an téarma air sin ná – na Meáin Chumarsáide.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go dtugann roinnt meán teachtaireachtaí dúinn chun muid a spreagadh chun rud a úsáid nó a cheannach, mar shampla táirge nó branda ar leith – bia, bréagáin, éadaí, nó cluichí – tugtar fógraíocht air seo.
- Spreag na leanaí súil a choinneáil amach do chineálacha éagsúla meán sa bhaile, ar scoil agus sa saol mórthimpeall orthu agus a chinneadh cibé acu an dtabharfaí fógraíocht air nó nach dtabharfaí.